STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Pota Cócaireachta Folamh 19ú hAois

Bíonn cuma an-choitianta ar réada áirithe. Cuma leadránach, b'fhéidir.

Is pota é seo.

Pota tríchosach.

Pota measartha mór.

Pota measartha trom.

Sa lá atá inniu ann, bíonn potaí de gach cineál agus gach méid ann. Potaí agus hanlaí fada orthu, potaí agus hanlaí gearra orthu, potaí a chuirtear ar bharr an tsoirn agus potaí a chuirtear isteach san oigheann. Ach, de ghnáth, ní bhíonn potaí móra troma tríchosacha den sórt seo ann.

Ach thart ar 170 bliain ó shin, bheadh potaí den chineál seo le feiceáil i ngach teach traidisiúnta sa tír. Agus, an tráth sin, bhí cónaí ar an gcuid is mó daoine i dtithe beaga ina raibh seomra amháin nó dhá sheomra. Agus ba é a bhí i gcroílár na dtithe sin ná an teallach.

Is ansin a rinneadh an chócaireacht. Líonfaí potaí le huisce agus chuirfí i lár ghríosach dhearg na tine bige móna. Ach bhí níos mó ná uisce ann sna potaí seo. Bhí rud éigin eile iontu. Bia a bhí chomh speisialta sin, chomh tábhachtach sin, chomh riachtanach sin don bheatha an tráth sin go n-íosfaí de ló nó d'oíche é. An práta a bhí ann.

B'fhéidir go bhfuil tú ag ceapadh nach bhfuil mórán athruithe tagtha ar chúrsaí. Tar éis an tsaoil, tá prátaí againn fós. Cócaráiltear iad fós. Itear iad fós. Ach tá athrú tagtha ar chúrsaí. Athrú mór. Cé go n-itear prátaí fós, itear glasraí eile chomh maith, amhail meacain dhearga agus piseanna agus oiniúin, agus itear feoil agus iasc agus pasta agus torthaí freisin agus, le fírinne, liosta gan áireamh atá ann. Céad is seachtó bliain ó sin, ní raibh aon liosta ann.

Ní raibh ann ach prátaí.

Prátaí don bhricfeasta.

Prátaí don dinnéar.

Prátaí don tae.

Agus samhlaigh anois gurb é samhradh na bliana 1845 é. Tá tú ag spaisteoireacht suas go dtí an pháirc chun seiceáil a dhéanamh ar an mbarr prátaí. Tá an ghrian ag taitneamh. Tá an tírdhreach glas agus aoibhinn. Mar a tharlaíonn ar laethanta áirithe, gan aon chúis ar leith, mothaíonn tú go fíormhaith ar fad.

Ansin tugann tú rud éigin faoi deara ar na duilleoga. Dealraíonn sé go bhfuil siad clúdaithe le spotaí aite donna. Is spotaí iad nach bhfaca tú riamh roimhe sin.

Go tobann, nó mhothaíonn tí go fíormhaith a thuilleadh. Deir tú leat féin gur cuma faoi na spotaí. Tá na prátaí atá ann faoin dromchla go maith. Go maith ar fad.

Luann tú na spotaí le do chomharsa. Deir siad go bhfuil na spotaí céanna ar dhuilleaga a gcuid prátaí freisin. Díreach mar an gcéanna. Deir sibh go mbeidh gach rud go maith. Go maith ar fad.

Tagann an t-am chun na prátaí a bhaint. Ach níl aon phrátaí ann lena mbaint. Agus cad é an boladh sin? Tá an boladh gach áit.

Brostaíonn tú chuig an teach chun an scéal a insint don teaghlach. Brostaíonn tú chuig teach do chomharsan chun an scéal a insint dóibh. Ach is ionann an scéal i bpáirc do chomharsan. Díreach mar atá sna páirceanna síos an bóthar agus trasna na habhann.

B'fhéidir go dtagann tú féin agus do theaghlach slán tríd an ngeimhreadh sin. B'fhéidir go bhfuil prátaí eile stóráilte agat áit éigin. B'fhéidir go n-aimsíonn tú bia eile.

Agus anois, an bhliain dár gcionn atá ann, agus tú ag dul amach go dtí páirc na bprataí arís. Tá an ghrian ag taitneamh. Tá an tírdhreach glas agus aoibhinn. Ach ní ag spaisteoireacht atá tú an iarraidh seo. Ní mhothaíonn tú chomh maith sin an iarraidh seo. Tá tuirse agus ocras ort. Níl aon fhuinneamh ionat agus tá tú buartha. Tá tú thar a bheith buartha.

Ansin tugann tú na spotaí faoi deara arís ...

Ní raibh aon bharr prátaí ann le cúig bliana i ndiaidh a chéile. B'ionann sin agus gorta a bheith ann. Bia ar bith.

Dóchas ar bith.

Fuair milliún duine bás den ocras.

D'imigh milliún duine ón tír gan filleadh.

Agus, i rith an ama, bhí potaí den sórt seo ina suí folamh sa choirnéal.